An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Cigireacht Ábhair ar an gCeol
TUAIRISC

Coláiste Ráithín
Bré, Co. Chill Mhantáin
Uimhir Rolla: 70821M

Dáta na cigireachta: 1 Bealtaine 2012

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA CHEOL

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dátaí na cigireachta	30 Aibreán agus 1 Bealtaine 2012
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha • Plé leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir ábhair • Caidreamh le scoláirí	• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith chúig thréimhse ranga • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Aiseolas don phríomhoide agus don mhúinteoir ábhair

PRÍOMHCHINNTÍ

- Sna ceachtanna Ceoil ar fad a breathnaíodh, bhí cáilíocht na múinteoireachta an-mhaith.
- Úsáideadh raon maith modheolaíochtaí, ach tá scóip ann le cur leis an raon seo.
- Léirigh na scoláirí go raibh siad in ann léirmheas agus anailís a dhéanamh uathu féin, agus bhí baint nár bheag ag an gceistiúchán sciliúil le forbairt an chumais seo.
- Comhtháthaíodh forbairt na litearthachta agus na huimhearthacha i gcúrsaí Ceoil sna ceachtanna, trí mheán na Gaeilge. Tugadh faoi deara, áfach, lá na cigireachta, gur scaipeadh roinnt mhaith bileog saothair a bhí scríofa i mBéarla ar na scoláirí.
- Tugtar obair bhaile go rialta agus críochnaítear i rith na gceachtanna í, i dtreo nach mbíonn an fhreagracht ar na scoláirí bheith ag obair go neamhspleách ar an múinteoir.
- Cuireadh plean Ceoil ar fáil, ach ní raibh dóthain mionsonraí ann.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Ba chóir an t-ábhar a réitigh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) don Cheol a chur in oiriúint de réir mar is gá agus é a úsáid áit ar féidir é.
- Ba chóir iallach a chur ar na scoláirí tascanna áirithe a dhéanamh ó thús deireadh sa bhaile, chun tacú lena bhforbairt mar fhoghlaimeoirí neamhspleácha.
- Ba chóir an plean ceoil a fhorbairt i dtreo go mbeidh na cleachtais mhaithe atá i bhfeidhm sna ceachtanna le haithint air.

RÉAMHRÁ

Feidhmíonn Coláiste Ráithín faoi phátrúnacht Choiste Gairmoideachais Cho Chill Mhantáin agus tá 227 scoláire, idir bhuachaillí agus chailíní, ag freastal ar an scoil. Tá an scoil lonnaithe ar dhá shuíomh éagsúla – áit a raibh gairmscoil tráth, agus áit a raibh bunscoil tráth. Cuireann an scoil trí chlár ar fáil: An Teastas Sóisearach, An Idirbhliain agus An Ardteistiméireacht. Clár éigeantach do na scoláirí go léir is ea Clár na hIdirbhliana agus is ábhar roghnach é an Ceol laistigh den chlár seo.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Sna ceachtanna Ceoil ar fad a breathnaíodh, bhí cáilíocht na múinteoireachta an-mhaith. Rinneadh ullmhúchán maith do na ceachtanna. Ba chóir, áfach, na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo a chur i láthair na scoláirí ón tús agus filleadh orthu i ndeireadh an cheachta chun a bhfuil foghlamtha ag na scoláirí a sheiceáil.
- Bhí dea-eagar ar na ceachtanna go léir, bhí siad loighciúil agus ord maith ar an ábhar iontu. Ag tús na gceachtanna, nascadh an méid a bhí foghlamtha cheana go héifeachtach lena raibh le teacht. Dheimhnigh an cur chuige seo leanúnachas an teagaisc agus d'éascaigh sé forbairt réidh an cheachta.
- Bhí iompar na scoláirí agus a ngafacht sna ceachtanna ar chaighdeán an-ard. Bhí éagsúlacht mhaith gníomhaíochtaí foghlama sna ceachtanna go léir a breathnaíodh agus d'éirigh leis na múinteoirí aire na scoláirí a choimeád dírithe ar a raibh ar siúl.
- Baineadh úsáid as raon maith modheolaíochtaí agus tapaíodh deiseanna chun eilimintí éagsúla den Cheol a chomhtháthú. Tá scóip ann, áfach, gníomhaíochtaí bunaithe ar obair bheirte agus ar obair ghrúpa a úsáid i gcás chuid de na tascanna scríofa, agus tráth na gceist a úsáid mar mhalairt straitéise le tacú leis an athdhéanamh.
- Gné lárnach de na ceachtanna go léir ba ea forbairt scileanna na scoláirí. Bhí scileanna praiticiúla agus scileanna cumadóireachta na scoláirí á bhforbairt go héifeachtach, mar shampla.
- Leag na múinteoirí sprioc-chaighdeáin arda amach do na scoláirí sna ceachtanna go léir a breathnaíodh. Léirigh na scoláirí go raibh siad in ann léirmheas agus anailís a dhéanamh uathu féin; bhí baint nár bheag ag na straitéisí sciliúla ceistiúcháin a úsáideadh leis seo.
- An gaol sonrach idir an múinteoir agus na scoláirí, an t-atmaisféar sona agus an t-aitheantas a tugadh d'iarrachtaí na scoláirí, thug siad sin ar fad an-mhisneach do na scoláirí ina gcuid foghlama, sna ceachtanna go léir a breathnaíodh. Beidh níos mó tacaíochta fós le fáil ag na scoláirí má fhítear straitéisí difreálaithe isteach sa teagasc áit a n-oireann sin.
- Tá iarrachtaí déanta ar atmaisféar beoga foghlama a chruthú trí phóstaeir a bhfuil raon coincheapa Ceoil á léiriú iontu a chur ar taispeáint. Ba mhaith ab fhiú obair na scoláirí féin a chur ar taispeáint ó am go ham freisin.
- Comhtháthaíodh forbairt na litearthachta agus na huimhearthachta i gcúrsaí Ceoil sna ceachtanna agus tá eolas na scoláirí ar fhoclóir an Cheoil i nGaeilge á fhorbairt. Tugadh faoi deara, áfach, lá na cigireachta, gur scaipeadh roinnt mhaith bileog saothair a bhí scríofa i mBéarla ar na scoláirí agus gur aistrigh an múinteoir agus na scoláirí ó bhéal iad. Ba chóir an t-ábhar a réitigh An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus

Gaelscolaíochta (COGG) don Cheol a chur in oiriúint de réir mar is gá agus é a úsáid áit ar féidir é.

- Tugtar obair bhaile go rialta ach, dáiríre, déantar an obair seo sa rang. Cuireann an múinteoir an obair go léir a dhéanann na scoláirí i dtaisce. Ní thacaíonn sé seo le forbairt na scoláirí mar fhoghlaimeoirí neamhspleácha. Ba chóir go mbeadh na scoláirí in ann bheith ag obair as a stuaim féin, neamhspleách ar an múinteoir agus in ann tascanna a dhéanamh ó thús deireadh sa bhaile. Thairis sin, ba chóir an fhreagracht a leagan ar na scoláirí na hábhair riachtanacha a thabhairt leo ar scoil agus bheith cinnte go dtuigeann siad an toradh a bheidh ar aon fhaillí ina leith seo, de réir mar atá leagtha amach i gcód iompair na scoile.
- Déantar anailís ar thorthaí scrúduithe agus déantar monatóireacht ar ghnóthachtáil acadúil. Is mór an sásamh é na torthaí rídhearfacha sa Cheol a nótáil.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá éileamh an-mhaith ar an gCeol mar ábhar léinn. Is maith é go soláthraítear clár roghnach Ceoil san Idirbhliain, mar cuireann sé clár leathan oideachais ar fáil do na scoláirí agus cabhraíonn sin leo rogha eolach ábhar a dhéanamh don Ardteistiméireacht.
- Tá an soláthar ama ar an tráthchlár don Cheol ag teacht le moltaí an tsiollabais.
- Na hachmhainní go léir is gá chun curaclam an Cheoil a sholáthar, tá siad ar fáil i seomra Ceoil na scoile.
- Is ball de Chumann Múinteoirí Iarbhunscoile Ceoil é an múinteoir Ceoil. Spreagtar agus éascaítear freastal an mhúinteora seo ar chúrsaí ábhartha san fhorbairt leanúnach phroifisiúnta, cúrsaí a chuireann An tSeirbhís Forbartha Proifisiúnta do Mhúinteoirí agus Cumann Múinteoirí Iarbhunscoile Ceoil ar fáil, mar shampla.
- Moltar tiomantas an mhúinteora Ceoil do sholáthar an réimse gníomhaíochtaí Ceoil atá ar fáil faoi láthair.
- I measc na modhanna meastóireachta a úsáidtear tá scrúduithe foirmeálta, meastóireacht leanúnach agus obair bhaile rialta, a ndéantar monatóireacht uirthi. Eagraítear cruinniú bliantúil tuismitheoirí le múinteoirí do gach bliainghrúpa agus seoltar tuairiscí chuig tuismitheoirí i rith na bliana.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Cuirtear am ar fáil do chruinnithe foirmeálta i gcás na n-ábhar go léir, Ceol san áireamh. Caitheann an múinteoir Ceoil cuid mhaith den am seo ag obair lena chomhleachaithe i roinn a ábhair eile.
- Tá plean ábhair réitithe a thugann cur síos gearr ar chlár na bliana. Ba chóir an plean a fhorbairt i dtreo go mbeidh cuntas agus léiriú ann ar na cleachtais atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le teagasc agus foghlaim an Cheoil. Ba chóir freisin go luafadh na cláir oibre do na bliainghrúpaí éagsúla an méid ama is gá chun gach topaic a chlúdach go sásúil. Ba cheart na torthaí foghlama a bhfuil súil leo a nascadh le modheolaíochtaí, le straitéisí meastóireachta agus le hacmhainní. Thairis sin, ba chóir go léireodh na scéimeanna oibre conas a chomhtháthaítear na gnéithe éagsúla den Cheol, éisteacht, cumadóireacht agus seinm, sna ceachtanna.

- Achar eile arbh fhiú é a fhorbairt ná rannóg athmhachnaimh a chur san áireamh i bplean an ábhair. Ba mhór an chabhair é seo do roinn an Cheoil nuair atá anailís á dhéanamh ar bhuanna na roinne mar atá sí faoi láthair, agus achair á n-aithint a bhféadfaí iad a fheabhsú.
- Tá an phleanáil don Idirbhliain an-mhaith. Tá béim láidir sa chlár seo ar ghníomhaíochtaí praiticiúla a bhaineann le Ceol a dhéanamh.
- Bhí an-chuid tuairiscí ar ghnóthachtáil na scoláirí sa mheastóireacht ar fáil. B'fhiú an cleachtas seo a chur i bhfeidhm ar an obair bhaile anois, chun próifíl níos mine a chruthú maidir le dul chun cinn agus gnóthachtáil na scoláirí.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis an múinteoir ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn; ní bhfuarthas freagra ón mbord.

Foilsithe Deireadh Fómhair 2012.